**M88**
**DON SCRÚDAITHEOIR**

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

## (270 MARC)

**DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.20**

**STAMPA AN IONAID**

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán. | |

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| | |
| CT | |
| | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** **Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille.** **(40 marc)**

1. **Ag teastáil**
   **Gluaisrothar**
   Glaoigh ar Liam 089-8754671

2. Ar Iarraidh
   **Madra Caorach dubh agus bán.**
   Luach Saothair. 045-30103

3. - Ranganna Eitleoireachta -
   Aerphort Chiarraí
   €250 in aghaidh na huaire

4. **Ar Díol**
   **Ríomhaire Glúine ar €750**
   Siopa na Ríomhairí, Ceatharlach

5. **Siopa Búistéara Uí Bhroin**
   Feoil den scoth
   Ar an bpraghas is fearr

6. **Go Mall!**
   **Droichead Caol**
   **Géill slí !**


7. **Busáras.**
   **Do bhusanna amháin.**
   **Cosc ar pháirceáil anseo**


8. **Aire!**
   Ná téigh níos faide.
   **Fan amach ó na hAillte**


9. **Monarcha Romhat.**
   Stop ag an nGeata


10. **Coimeád an Trá Glan**
    Ná fág Bruscar ar an trá !


| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |



A



B



C


D


E



F


G



H


I


J

**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 mharc)

Bus Éireann

An Busáras
Baile Átha Cliath 1

4 Meitheamh 2006

Bríd Ní Dhuinn
Coill an Chollaigh
Contae an Chabháin

A Bhríd, a chara,

Go raibh maith agat as an bhfoirm iarrtais ar phost mar thiománaí le Bus Éireann a chuir tú chugam ar an 6ú Bealtaine. Feicim go bhfuil ceadúnas tiomána agat ó bhí tú ocht mbliana déag d'aois. D'fhág tú an scoil tar éis an Ardteist a dhéanamh sa bhliain 2003. Tá tú ag obair faoi láthair sa seomra stórais i ngaráiste i mBaile an Chabháin.

Iarrtar ort teacht chuig agallamh linn ar an 12ú Meán Fomhair, anseo sa Bhusáras ar a trí a chlog. Má éiríonn go maith leat san agallamh tosóidh tú ag traenáil mar thiománaí bus i mí Dheireadh Fómhair. Cúrsa lánaimseartha cúig seachtaine is ea é. Má bhíonn tú sásúil ar an gcúrsa beimid sásta glacadh leat mar thiománaí le Bus Éireann.

Scríobh chugam roimh an 30ú Meitheamh más mian leat teacht chuig an agallamh.

Is mise,
Seán Ó Dúill,
Oifigeach Pearsanra.

**Ceisteanna:**

**1.** Cá bhfuil Bríd Ní Dhuinn ina cónaí?

| | |
|---|---|
| i mBaile Átha Cliath | |
| i gCoill an Chollaigh | |
| sa Bhusáras | |

**2.** Cén dáta ar chuir Bríd a foirm iarratais sa phost?

| | |
|---|---|
| 4ú Meitheamh | |
| 6ú Bealtaine | |
| 12ú Meán Fómhair | |

**3.** Cén bhliain a d'fhág Bríd an scoil?

| | |
|---|---|
| 2003 | |
| 2005 | |
| 2006 | |

**4.** Cad a bheidh ar siúl sa Bhusáras ar an 12ú Meán Fómhair?

| | |
|---|---|
| Agallamh | |
| Cúrsa traenála | |
| Tástáil tiomána | |

**5.** Cén post atá ag Seán Ó Dúill?

| | |
|---|---|
| Oifigeach Eolais | |
| Tiománaí | |
| Oifigeach Pearsanra | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

# Óstán na Mara
## An tOileán Mór, Co. Chorcaí





Suite i mBá Bheanntraí in iardheisceart na hÉireann atá an t-oileán is deise ar domhan ... an tOileán Mór. Tar amach ar an mbád farantóireachta agus feicfidh tú an sean agus an nua anseo. Téann na báid iascaigh amach gach lá. Tá scoil seoltóireachta againn agus tá an fharraige chiúin oiriúnach don snámh. Is féidir siúl mórthimpeall an oileáin ar an gcosán ard, nó dul amach ag bádóireacht sa bhá. Má tá saoire den scoth uait fan tamall linn ar an oileán.

Tá Óstán na Mara suite os comhair an chuain. Tá dhá sheomra dhéag ann agus áit ann do fiche duine. Tá na rátaí go maith freisin! €15 an ráta oíche nó €20 agus bricfeasta san áireamh. Cois tine san oíche bíonn ceoltóirí na háite ag seinm. Tá trí theach tábhairne againn ar an oileán agus bialann ina bhfaighfidh tú béile breá blasta, lá agus oíche.

Bain triail as! Glaoigh orainn ar 027-856473.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén áit in Éirinn a bhfuil Bá Bheanntraí?

| | |
|---|---|
| Oirthuaisceart | |
| Iardheisceart | |
| Iarthar | |

**2.** Cad is féidir a dhéanamh ar an gcosán ard?

| | |
|---|---|
| Bádóireacht | |
| Seoltóireacht | |
| Siúl | |

**3.** Cá háit ar an oileán a bhfuil Óstán na Mara suite?

| | |
|---|---|
| Ar an trá | |
| Ar an gcosán ard | |
| Os comhair an chuain | |

**4.** Cé mhéad seomra atá in Óstán na Mara?

| | |
|---|---|
| 12 | |
| 15 | |
| 20 | |

**5.** Cá háit a mbíonn ceoltóirí na háite ag seinm?

| | |
|---|---|
| Ar na báid iascaigh | |
| Cois tine san oíche | |
| Sa bhialann | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

# Páiste ar Iarraidh



Bhí dianchuardach ar siúl trí lá ó shin ar an Trá Bhán, Co. Loch Garman. Páiste óg ceithre bliana d'aois a bhí ar iarraidh. Bhí a dheirfiúr, Aoife, ag tabhairt aire dó ar an trá nuair a bhuail sí lena beirt chairde, Deirdre agus Fíona. Bhí an páiste ag súgradh ar an ngaineamh. Thosaigh an triúr cailíní ag sú na gréine agus ní fhaca siad an páiste óg, Jeaic, ag imeacht uathu.

D'fhéach Aoife timpeall tar éis tamaill agus ní raibh Jeaic le feiceáil in aon áit. D'fhéach Aoife i measc na gcarraigeacha, chuaigh Deirdre síos an trá agus chuaigh Fíona suas an trá. Ní fhaca siad Jeaic in aon áit. Cheap siad go raibh an páiste bocht báite san uisce.

Bhailigh slua mórthimpeall agus thosaigh an cuardach arís. Tar éis uair an chloig tháinig siad ar Jeaic. Bhí an páiste óg ina chodladh go sámh faoi sheanbhád a bhí caite bunoscionn ar an trá, slán mar a n-instear é. Ceaptar go ndeachaigh sé faoin mbád ag iarraidh éalú ón teas!

**Ceisteanna:**

**1.** Cén aois a bhí ag an bpáiste a bhí ar iarraidh?

| | |
|---|---|
| 2 bhliain d'aois | |
| 3 bliana d'aois | |
| 4 bliana d'aois | |

**2.** Cén t-ainm a bhí ar dheirfiúr an pháiste?

| | |
|---|---|
| Fíona | |
| Aoife | |
| Deirdre | |

**3.** Cén fáth nach bhfaca na cailíní Jeaic ag imeacht uathu? Bhí siad

| | |
|---|---|
| ag snámh | |
| ag sú na gréine | |
| ag súgradh | |

**4.** Cén áit a ndeachaigh Fíona ag cuardach?

| | |
|---|---|
| I measc na gcarraigeacha | |
| Síos an trá | |
| Suas an trá | |

**5.** Cén áit ar tháinig siad ar Jeaic?

| | |
|---|---|
| San uisce | |
| Faoi sheanbhád | |
| Ar an mbóthar | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

# Ar Son Mhuintir na hAfraice



Rugadh Bob Geldof i nDún Laoghaire sa bhliain 1951. Bhí sé ag obair mar iriseoir popcheoil nuair a thosaigh sé ag canadh le grúpa *punk* i 1975. Bhain an grúpa sin "Na Boomtown Rats" clú agus cáil amach dóibh féin nuair a thóg Bob go Londain iad sa bhliain 1976. Bhain dhá amhrán dá gcuid uimhir a haon amach sna cairteacha. Bhí an ceirnín "I don't like Mondays" ag uimhir a haon i 32 tír.

Bá é Bob urlabhraí an ghrúpa agus ní raibh eagla riamh air labhairt amach i gcoinne rudaí nár thaitin leis. Thug sé cuairt ar an Aetóip i 1984 agus chuir an gorta ansin uafás air. Bhailigh sé amhránaithe agus grúpaí cáiliúla an domhain le chéile. Chuir siad amach ceirnín an Nollaig sin. Tháinig siad ar fad le chéile i Staid Wembley agus i dtíortha eile i mí Iúil 1985 chun "Live Aid", an cheolchoirm ba mhó riamh, a chur ar siúl ar son mhuintir na hAfraice. Bhronn Banríon Shasana ridireacht ar Bob an bhliain dar gcionn.

Cé gur bhailigh Live Aid na céadta milliún punt isteach bhí a fhios ag "Sir Bob" nár leor sin chun deireadh a chur le gorta agus bochtaineacht san Afraic. Fiche bliain tar éis Live Aid ghlaoigh Bob ar na réaltaí roc arís sa bhliain 2005. An uair seo ní ag lorg airgid a bhí siad ach ag iarraidh brú a chur ar na tíortha is saibhre ar domhan. "Cuir deireadh le Bochtaineacht" an teachtaireacht a bhí acu. Ceaptar gur fhéach cúig bhilliún duine ar fud an domhain ar an gceolchoirm "Live 8". Ní fios fós an éireoidh le Bob an uair seo.

**Ceisteanna**:

**1.** Cén bhliain a rugadh Bob Geldof?

| | |
|---|---|
| 1951 | |
| 1975 | |
| 1976 | |

**2.** Cá háit a ndeachaigh Bob sa bhliain 1984?

| | |
|---|---|
| Dún Laoghaire | |
| Londain | |
| An Aetóip | |

**3.** Cad a chonaic Bob san Aetóip?

| | |
|---|---|
| Banríon Shasana | |
| Gorta | |
| Ceolchoirm | |

**4.** Cad a bhronn Banríon Shasana ar Bob?

______________________________________________

**5.** Cé mhéad duine ar fud an domhain a d'fhéach ar an gceolchoirm "Live 8"?

| | |
|---|---|
| 1 milliún | |
| 5 billiún | |
| 100 milliún | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

# Súil Eile




Tháinig sé ar an saol seo Oíche Shamhna naoi déag nócha a sé. “Teilifís na Gaeilge” an t-ainm a bhí ar an gcainéal náisiúnta teilifíse i dtosach báire ach baisteadh TG4 air roinnt blianta ina dhiaidh sin.

Féachann beagnach ocht gcéad míle duine ar TG4 gach lá. Bíonn os cionn seacht n-uaire an chloig trí Ghaeilge sa chlársceideal gach lá. Bíonn cláir i dteangacha eile á dtaispeáint acu agus baintear úsáid as fotheidil. Is iontach go deo na cláir do pháistí a bhíonn ar TG4. Is minic a dhéantar athghuthú ar na cartúin. Cúla 4 an t-ainm atá ar chláir na bpaístí.

Tá sobalchlár dá chuid féin ag TG4 mar a bhíonn ag gach stáisiún teilifíse ar domhan. “Ros Na Rún” an t-ainm atá air. I measc na gclár eile feicfidh tú carachtair mar Neelo agus Hector. Chaith Hector cúig bliana ag taisteal ar fud na cruinne ar son TG4. Tá ardchaighdeán sna cláir ar fad a dhéantar do TG4, idir chláir cheoil, chláir faisin agus chláir faisnéise.

Ach is iad na cláir spóirt a mheallann an lucht féachana is mó. Feictear gach cinéal spóirt ar TG4. An bhliain seo caite rinne siad craoladh beo ar na cluichí leadóige in Wimbledon. Cá bhfios duit ach go mbeidh Corn an Domhain á chraoladh beo acu amach anseo!

**Ceisteanna:**

**1.** Cén bhliain a tháinig “Teilifís na Gaeilge” ar an saol?

| | |
|---|---|
| 1980 | |
| 1996 | |
| 2000 | |

**2.** Cad a dhéantar go minic leis na cartúin ar TG4?

| | |
|---|---|
| Athchraoladh | |
| Athghuthú | |
| Fotheidil | |

**3.** Cé a chaith cúig bliana ag taisteal ar fud na cruinne do TG4?

_______________________________________________

**4.** Cén saghas cláir é “Ros Na Rún” ar TG4?

| | |
|---|---|
| Clár faisin | |
| Clár ceoil | |
| Sobalchlár | |

**5.** Cén bhliain a rinne TG4 craoladh beo ó Wimbledon?

| | |
|---|---|
| An bhliain seo caite | |
| Dhá bhliain ó shin | |
| Trí bliana ó shin | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

# An Blascaod Mór Anois

D'imigh na daoine
Amach chun na míntíre,
Tá an Blascaod Mór ciúin anois,
Leis féin os cionn na taoide.

Is cuimhin leis páistí beaga
Ag súgradh ar an trá,
Is naomhóga ag iascaireacht
Amuigh go domhain sa bhá.

Daoine ag insint scéalta
Cois tine, mall san oíche,
Ceol á sheinnt ar veidhlín –
Ní chloisfear arís é choíche.

Ach b'fhéidir go bhfuil taibhsí
Ag insint scéil nó dhó
Cois tine ar an mBlascaod,
Faoin saol a bhí ann fadó.



(Le Máire Áine Nic Ghearailt.)

**Ceisteanna**:

**1.** Cén áit ar imigh na daoine?

| | |
|---|---|
| Abhaile | |
| Chun na míntíre | |
| Ag iascaireacht | |

**2.** Cad a bhíodh á dhéanamh ag na páistí beaga?

______________________________________________

**3.** Cén áit a mbíodh na daoine ag insint scéalta?

| | |
|---|---|
| Cois cuain | |
| Cois trá | |
| Cois tine | |

**4.** Cén uirlis cheoil a bhíodh le cloisteáil ar an oileán?

| | |
|---|---|
| An giotár | |
| An fheadóg stáin | |
| An veidhlín | |

**5.** Cé atá "ag insint scéil nó dhó" **anois** ar an mBlascaod?

| | |
|---|---|
| Seandaoine | |
| Taibhsí | |
| Páistí | |

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA **(120 marc)**

FREAGAIR **<u>GACH</u>** CEIST (**4**, **5** *AGUS* **6**)


Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 10 agus 11.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 12 agus 13.

Tá Ceist 6 ar na leathanaigh 14 agus 15.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.





| | | | |
|---|---|---|---|
| Cén rud?<br>Cén áit? | Cén oíche? Dáta? Am?<br>Cé mhéad Euro ar gach bord? | Cá mbeidh na<br>ticéid ar díol? | Cad a tharlóidh<br>don airgead? |

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir thíos.





Is tusa an duine atá sna pictiúir seo. Scríobh **FREAGRA** chuig Áine ag insint di:

| | | |
|---|---|---|
| - Cén uair a fuair tú an cuireadh? | } | |
| - An raibh áthas ort é a fháil? Nó brón? | } | Pictiúr 1 |
| - An mbeidh tú ábalta dul ann? | } | |
| - An dtabharfaidh do Mham an carr duit? | } | Pictiúr 3 |
| - Cén t-am a bhuailfidh tú le hÁine? | } | |
| - Cad a dhéanfaidh sibh tar éis na Ceolchoirme? | } | Pictiúr 4 |

**FREAGRA**

**<u>Ceist 5</u>** Freagair (a) **<u>NÓ</u>** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.




Tá tusa ag obair sa Bhialann seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint dó/di:

| | | |
|---|---|---|
| - Faoin m**bialann** agus faoi na **daoine** atá ag obair leat ann | } | Pictiúr 1 |
| - Faoin **obair** a dhéanann tú (trí phointe ag teastáil) | } | Pictiúr 2 |
| - Faoi na **custaiméirí** a thagann isteach sa bhialann | } | Pictiúr 3 |
| - Faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn **lá saor** agat | } | Pictiúr 4 |

**[N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**<u>LITIR</u>**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair i Linn Snámha. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh. Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** atá anseo thíos.
**[ <u>Nóta</u>:** Is tusa *Dara de Faoite* **]**

## Ionad Spóirt Leitir Ceanainn

**Foirm Iarratais do phost mar Mhúinteoir Snámha Cúnta**

Ainm: *Dara de Faoite* Uimhir theileafóin ……………………….……

Seoladh: ……………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………..

Aois: …………………………………………… Dáta Breithe: ………………………………………….

Cén áit ar rugadh tú? ……………………………………………………………………………..

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? ……………………………………………………………

Ainmnigh **cúig ábhar scoile** a rinne tú sa scrúdú sin : ……………………………………………………..

……………………………………………………………………………………………………..

An bhfuil tú ábalta snámh? ……………………………………………………………………….

An gcaitheann tú tobac? …………………………………………………………………………………

An mbeidh tú sásta dul faoi scrúdú dochtúra? …………………… …………………………...

Cén modh taistil atá agat? ……………………………………………………………………..…

Luaigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat ……………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………………………

Cuir tic (✓) leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh: 27 Meitheamh ❑, 4 Iúil ❑, 11 Iúil ❑.

Scríobh **alt beag** (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair i **Linn Snámha**.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

Síniú *Dara de Faoite*

Dáta: ______________________


**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Chaith tú "Lá Cois Locha" leis an gClub Óige seachtain ó shin.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoi.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## LÁ COIS LOCHA LEIS AN gCLUB ÓIGE




**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú san ollmhargadh le do chara. Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in "Iris na Scoile" (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| ag siopadóireacht | ghoid | Garda slándála | doras an tsiopa |
| sparán oscailte | ghlaoigh | raidió | áthas |

## EACHTRA A THARLA

Leathanach Bán

**M88A**
**DON SCRÚDAITHEOIR**

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

## CLUASTUISCINT (180 marc)

**DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 4.30 go dtí 5.10**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | IOMLÁN |
| **MARC** | | | | | | | | | | | | | |


| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán. | |

**STAMPA AN IONAID**

## CLUASTUISCINT - (180 marc)

Freagair **gach** ceist.  Tá na treoracha don Roinn seo ar an téip.  Cuir tic leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén post atá ag Síle faoi láthair?













**Ceist 1 (b)** Cén áit a bhfuil **Aoife** ag obair?


| | |
|---|---|
| Cathair Chorcaí | |
| Droichead na Bandan | |
| Maigh Chromtha | |


**Ceist 2 (a)** Cad a osclófar i Ros Muc an mhí seo chugainn?














**Ceist 2 (b)** Cé mhéad freastalaí atá á lorg ag Tomás?

| | |
|---|---|
| Ceathrar | |
| Cúigear | |
| Seisear | |

**Ceist 3 (a)** Cad a bhí ar siúl in Ollstór de Róiste aréir?









**Ceist 3 (b)** Cén saghas éadaí **nach** raibh ar taispeáint ann?

| | |
|---|---|
| Éadaí do pháistí | |
| Éadaí do mhná | |
| Éadaí d’fhir | |


**Ceist 4** Cá bhfuil an bhean ag dul?







**Ceist 5** Cá bhfuil Siopa na mBróg? (Cuir tic sa bhosca ceart.)



**Ceist 6 (a)** Cén chaoi a mbeidh an aimsir i bPáirc an Chrócaigh amárach?










**Ceist 6 (b)** Cén chaoi a mbeidh an aimsir ar an Luan?

| | |
|---|---|
| Tirim agus te | |
| Fliuch | |
| Scamallach | |

**Ceist 7 (a)** Cé a bheidh ag tabhairt cuairte ar an scoil amárach?







**Ceist 7 (b)** Cén grúpa atá amuigh ar taithí oibre?

| | |
|---|---|
| Daltaí Sinsearacha | |
| Daltaí Sóisearacha | |
| An Idirbhliain | |

**Ceist 8 (a)** Cad a bheidh ar siúl i halla na scoile Dé hAoine?








**Ceist 8 (b)** Cén áit a rachaidh an t-airgead ar fad?

| | |
|---|---|
| An Banna Ceoil | |
| Fear an tí | |
| Ospidéal na bPáistí | |

**Ceist 9 (a)** Cén Club ina mbeidh an ceiliúradh speisialta?







**Ceist 9 (b)** Cén t-am a thosóidh an chóisir?

| | |
|---|---|
| Ar a sé a chlog | |
| Ar a seacht a chlog | |
| Ar a hocht a chlog | |

**Ceist 10 (a)** Cá raibh Úna aréir?

| | |
|---|---|
| Ag Dioscó | |
| Ar Saoire | |
| Ag ithe san ostán | |

**Ceist 10 (b)** Cathain a bheidh an chéad dioscó eile ann?

| | |
|---|---|
| Anocht | |
| I gceann seachtaine | |
| An mhí seo chugainn | |

**Ceist 11 (a)** Cén comórtas a bhuaigh Máire?

| | |
|---|---|
| Comórtas raidió | |
| Comórtas teilifíse | |
| Comórtas fichille | |

**Ceist 11 (b)** Cén scrúdú a bheidh ag Niall Dé Céadaoin seo chugainn?

| | |
|---|---|
| Gaeilge | |
| Fisic | |
| Bitheolaíocht | |

**Ceist 12 (a)** Cén áit a raibh Áine ar maidin?

| | |
|---|---|
| Oifig an Rúnaí | |
| Oifig an Phoist | |
| Oifig Thaistil | |

**Ceist 12 (b)** Cé a thug cuireadh do Cholm dul go dtí Corn an Domhain?

| | |
|---|---|
| A chairde scoile | |
| Áine | |
| A uncail Liam | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán